COMHDHÁIL IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. fr)**

**29513/26**

**LIMITE**

**JUR 411**
**INST 248**
**COUR 16**
***COUR***

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT lena gceaptar Breitheamh agus Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais

**CINNEADH (AE) 2026/…**
**Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an …**

**lena gceaptar Breitheamh agus Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais**

PUBLIC

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh sainorduithe 14 Bhreitheamh agus 6 abhcóide ghinearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(2) Sa chomhthéacs sin, moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Koen LENAERTS mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais. Ba cheart, dá bhrí sin, Koen LENAERTS a cheapadh don phost sin don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2027 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2033.

(3) Thairis sin, faoi Airteagail 5 agus 7 de Phrótacal 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis do Nicholas EMILIOU a bheith éirithe as oifig, a tháinig i bhfeidhm an 26 Aibreán 2026, ba cheart Abhcóide Ginearálta a cheapadh don Chúirt Bhreithiúnais ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Nicholas EMILIOU, eadhon go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027. Ainmníodh Stéphanie LAULHÉ SHAELOU don fholúntas sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Stéphanie LAULHÉ SHAELOU a cheapadh don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(4) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh agus Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Koen LENAERTS ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2027 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2033.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar Stéphanie LAULHÉ SHAELOU ina hAbhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*An tUachtarán*